Blianta **3 & 4**

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Mo Theachsa, Do Theachsa
Aonad Téamach

Clár

Faoin Aonad Téamach Seo			1
Rannán 01 **Cad Chuige ar Cheart Dúinn bheith ag obair le Chéile?**	Gníomhaíocht a hAon	Obair le Chéile?	5
	Gníomhaíocht a Dó	Réiteach le Chéile	6
	Gníomhaíocht a Trí	Cad é a Dhéanfaimid le Chéile?	7
Rannán 02 **Cad é an Rud é Baile?**	Gníomhaíocht a Ceathair	Na Trí Mhuc Bheaga (*Nasc le Teangacha*)	11
	Gníomhaíocht a Cúig	Cad é atá Istigh i dTeach? (*Nasc le Teangacha)*	12
	Gníomhaíocht a Sé	Teach Ranga a Dhéanamh (*Nasc le Teangacha*)	14
	Gníomhaíocht a Seacht	Clúid Duit Féin	16
	Gníomhaíocht a hOcht	Brící, Craobhacha nó Boscaí?	17
Rannán 03 **Cad é Mar is Féidir Linn a bhFuil Foghlamtha Againn a Thaispeáint?**	Gníomhaíocht a Naoi	An Tábhacht atá ag an Bhaile Dom	21
	Gníomhaíocht a Deich	Na Trí Mhuc Bheaga tríd an Damhsa	22
	Gníomhaíocht a hAon Déag	Dráma ar Na Trí Mhuc Bheaga i Sprioctheanga Eile (*Nasc le Teangacha*)	25
Áiseanna			29
Áiseanna Breise Molta			37
Gluais			40

Admhálacha

Is mian le CCEA aitheantas a thabhairt d'fhoireann agus do dhaltaí Londonderry Model Primary School, Greenshaw Primary School, Doire, Londonderry Primary School, Newtownards Primary School agus St John's Primary School, An Mhaigh agus fosta do Amanda Robinson as Ballyvester Primary School a sholáthar na híomhánna dá scoil agus dá daltaí atá sa leabhrán seo.

Faoin Aonad Téamach Seo

Tá an tAonad Téamach seo nasctha le *Tithe agus Bailte* , Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN) do Bhliain 3/4.

Tugann an tAonad Téamach seo deiseanna do dhaltaí a gceantar áitiúil a fhiosrú agus meas a bheith acu ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir daoine ina dtír féin agus i dtíortha eile. Cuidíonn sé leo bheith páirteach i ngníomhaíochtaí i gcomhar le chéile, scileanna a fhorbairt le bheith ag obair le lucht a gcomhaoise agus lena bhfuil foghlamtha acu a léiriú trí ghníomhaíochtaí cruthaitheacha.

Cuireann an tAonad Téamach seo deis ar fáil páirt a ghlacadh i réimse dúshlán atá bainteach le smaointeoireacht, fadhbréiteach agus cinnteoireacht, dúshláin a dhéanfaidh naisc idir a dtaithí féin agus a scoil, an pobal áitiúil agus an mórphobal.

Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna i láthair do pháistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais reachtúla Churaclam Thuaisceart Éireann ar Eochairchéim 1 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid seo thíos:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa tsochaí
Aidhm	Tá d'aidhm ag an aonad seo páistí a spreagadh le: • scileanna agus straitéisí a fhorbairt a bheidh de dhíth orthu le bheith ag obair go héifeachtach le chéile; • meas a bheith acu ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir daoine agus áiteanna; • bheith páirteach in éagsúlacht straitéisí foghlama gníomhaí; agus • a ndearcadh ar a bpobal féin agus ar an mhórphobal a fhiosrú agus a fhorbairt.
Croíghné	*Saoránacht agus Tuiscint ar Chultúir*
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta [SSAP]	Tá an tAonad Téamach seo dírithe ar **Obair le Daoine Eile:** • *Bheith comhoibritheach;* • *Meas a léiriú ar bhraistintí daoine eile; agus* • *Bheith cothrom agus freagrach.* Beidh deiseanna ann fosta do pháistí na scileanna seo a fhorbairt: Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht agus Bainistiú Eolais.
Scileanna Traschuraclaim	Dírítear aird nuair is cuí ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim. Is iad seo a leanas na scileanna traschuraclaim: • Cumarsáid (Cum); • Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus • Úsáid TFC [ÚTFC].

An Fhoghlaim a Nascadh	Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí foghlaim a nascadh trasna na réimsí seo a leanas: **Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint:** • Na bealaí ina mbímid cosúil agus éagsúil lena chéile a thuiscint; • Bheith feasach ar ilchineálacht na ndaoine timpeall an domhain; **An Domhan Thart Orainn:** • Comparáidí idir an ceantar áitiúil agus áit eile ar fad; • Réimse na n-ábhar a mbaintear úsáid astu sa cheantar áitiúil a fhiosrú; **Na hEalaíona:** • Sult a bhaint as saothar ealaíontóirí óna gcultúr féin agus ó chultúir eile agus léirthuiscint a bheith acu dóibh; • Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht dhrámata agus smaointe a chomhroinnt le daoine eile; agus **Corpoideachas:** • Smaointe gluaiseachtaí a chruthú, a chleachtadh agus cuimhneamh orthu agus iad a chur i láthair mar fhreagairtí ar scéal.

RAINNIÁ

Tuiscint a fhorbairt ar cad chuige ar gá dúinn bheith ag obair go maith le daoine eile ar scoil, sa bhaile agus i suímh eile.

Cad Chuige ar Cheart Dúinn bheith ag obair le Chéile?

01

Gníomhaíocht a hAon
Obair le Chéile?

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- tosú a shainaithint na scileanna a chuireann ar chumas grúpaí bheith ag obair go héifeachtach; agus
- na buntáistí a bhaineann le comhoibriú i ngrúpaí a thuiscint[SSAP].

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Mar rang, léigh an scéal 'Ní Leat Féin' le Liz Weir ón tsraith *Bí Ciallmhar agus Smaoinigh* de chuid CCEA. Úsáid na noda sa scéal le plé a spreagadh ar na rudaí seo a leanas:
- cad é atá cothrom agus míchothrom;
- dul i gceannas;
- an fód a sheasamh; agus
- róil agus freagrachtaí taobh istigh de ghrúpa.

Forbair tuiscint ar cad chuige ar gá dúinn bheith ag obair go maith le daoine eile ar scoil, sa bhaile agus i suímh eile. Cruthaigh **Clár Graifítí*** i gcomhair ráitis na bpáistí.

Iarr ar na páistí ceistneoir gairid [Áis A] a chomhlánú le féinmheasúnú ar a ndearcadh ar bheith ag obair sa rang a spreagadh. Cuir in iúl do na páistí gur mar eolas dóibh féin atá an ceistneoir beartaithe, agus spreag iad le freagraí ionraice a thabhairt. Tabhair cead dóibh tagairt siar don ghníomhaíocht seo ag deireadh an aonaid oibre, agus pléigh cé acu a d'athraigh nó nár athraigh a ndearcadh.

Cuir na páistí sna grúpaí ina n-oibreoidh siad i rith an Aonaid Théamaigh ar fad. Lena chinntiú go mbeidh na grúpaí ar mhéid soláimhsithe, cuir san áireamh:
- líon na ndaltaí sa rang;
- an spás agus an troscán sa seomra ranga; agus
- dáileadh na ról ar pháistí aonair [má tá na grúpaí rómhór, is féidir go mothóidh daltaí aonair díomhaoin].

Iarr grúpaí cothroma a fháil trí úsáid cártaí nó cluichí uimhreacha a dháileann go randamach. Lena chinntiú go bhfuil comhdhéanamh gach grúpa cothrom, b'fhéidir gur mhaith leat na rudaí seo a chur san áireamh:
- cairdeas éagsúil atá bunaithe;
- cumas measctha;
- meascán de ghirseacha agus de ghasúir; agus
- Riachtanais Speisialta Oideachais.

An uair amháin a bheidh na páistí ina ngrúpaí, iarr orthu páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí comhoibrithe seo:
- **Biongó na nDaoine***, mar réamhghníomhaíocht, agus
- **Droim le Droimk***, le soiléire sa chumarsáid a fhorbairt.

Iarr aiseolas simplí ar na gníomhaíochtaí grúpa a rinneadh go dtí seo tríd an ghníomhaíocht **Dorn-go-Cúigear***. Spreag na páistí le ráitis a scríobh ar an Chlár Graifíti.

* Féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2.*

Gníomhaíocht a Dó
Réiteach le Chéile

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:
- tosú a shainaithint na scileanna a chuireann ar chumas grúpaí bheith ag obair go héifeachtach;
- eolas a bheith acu ar roinnt straitéisí a chuirfidh ar chumas grúpaí idirbheartaíocht agus comhréiteach a dhéanamh; agus
- na buntáistí a bhaineann le comhoibriú i ngrúpaí a thuiscint [SSAP].

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Pléigh rialacha ar scoil, sa chlós agus sa phobal [mar shampla an *Green Cross Code*]. Tabhair le tuiscint fáthanna atá leis na rialacha seo, mar shampla, le muid a choinneáil sábháilte agus le cuidiú lenár bhfoghlaim. Má tá rialacha ranga agus conradh ranga i bhfeidhm, déan tagairt dóibh.

Dréachtaigh agus cuir ar taispeáint roinnt rialacha simplí le haghaidh obair grúpa, bunaithe ar mholtaí ó na páistí.

Is féidir go mbeidh na rudaí thíos san áireamh:
- sealaíocht a dhéanamh [ar thascanna, ar róil nó ar dhul i gceannas];
- duine amháin ag caint ag am amháin (agus sin de 'ghuth 60cm');
- moladh do smaointe maithe (go simplí 'ordóga in airde' srl);
- ceisteanna a chur mura dtuigeann tú;
- gach duine sa ghrúpa a bheith páirteach; agus
- fanacht i do ghrúpa féin.

Pléigh na dóigheanna difriúla le hachrainn a láimhseáil. Déan raon straitéisí le déileáil le heasaontas a fhorbairt, mar shampla:
- mínithe soiléire agus réasúnacha a thabhairt;
- siúl ar shiúl;
- soilse trácht a;
- comhaireamh go dtí a deich, nó
- idirghabhálaí a úsáid.

Déan nasc idir na straitéisí seo agus obair ghrúpa agus cuir smaointe nua ar bith ar taispeáint sa rang ar an Chlár Bhuailte. Is féidir cur leis an chlár de réir mar a smaoineoidh na páistí ar straitéisí nua.

Úsáid an ghníomhaíocht **Línte Saoil*** le cleachtadh a thabhairt do na páistí ar bheith ag obair i ngrúpaí. Déan monatóireacht agus breathnú ar cé chomh dlúth a chloíonn siad leis na straitéisí atá aontaithe agaibh. Bí ag caidreamh le grúpaí ar bith a bhfuil cuidiú de dhíth orthu, agus treoraigh iad i dtreo thaispeántas na rialacha agus an chláir.

Bheadh **Measúnú Clár Dairteanna*** ina dhóigh ghasta le haiseolas simplí a fháil ar an toirt.

* Féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2.*

Gníomhaíocht a Trí
Cad é a Dhéanfaimid le Chéile?

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- spriocanna a phleanáil agus a shocrú agus tasc a dhealú ina fho-thascanna;
- tosú ar cheangail a dhéanamh idir foghlaim i gcomhthéacsanna difriúla; agus
- ceisteanna a chuardach le fiosrú agus fadhbanna le fuascailt [SSAP].

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Cuir tús le clár pleanála don aonad oibre ar a mbeidh do smaointe féin agus smaointe na bpáistí. Scríobh an teideal 'Tithe agus Bailte' agus úsáid ceisteanna oscailte le pictiúr mór de threo an aonaid a thógáil. Pléigh a mbeidh na páistí a fhoghlaim faoi, a fhiosrú agus a dhéanamh. Úsáid an clár pleanála le mórfhís an aonaid oibre a thaispeáint trí chuspóirí TAFF (Táimid Ag Foghlaim Faoi).

Cuir an carachtar TAFF i láthair, agus dear cuspóirí foghlama in éineacht leis an rang. Is féidir go mbeidh na rudaí thíos ina measc:

TAFF:

- oibriú le chéile i ngrúpaí beaga;
- foghlaim faoi shaol daoine eile;
- eolas faoi thithe agus bhailte sa tír seo agus thar lear a fháil;
- dóigheanna éagsúla a úsáid lenár bhfoghlaim a thaispeáint do dhaoine eile, mar shampla, an damhsa, an drámaíocht agus an ealaín;
- an scéal Na Tri Mhuc Bheaga a insint i dteanga eile; agus
- machnamh faoina ndéanaimid agus faoin dóigh a ndéanaimid é.

Cuir an carachtar TAL [Táimid Ar Lorg...] i láthair le díriú ar chritéir ratha. Cum critéir ratha faoi leith roimh gach gníomhaíocht agus cuir iad ar an chlár pleanála. Aontaigh na critéir trí idirbheartaíocht leis na páistí, agus fiafraigh díobh cad é a shíleann siad a mbeidh súil agat leis, mar mhúinteoir, i rith na gníomhaíochta. Spreag plé ar na scileanna agus ar an eolas atá siad a fhorbairt. Úsáid caint atá sonrach agus a thacaíonn leis an pháiste. Ceadaigh a lán ama smaointeoireachta. Cuir na critéir ar taispeáint agus tabhair aiseolas foirmitheach i rith na ngníomhaíochtaí, chomh maith le haiseolas suimitheach ag an deireadh.

RAINNÁ

Cad é an Rud é Baile?

02

Gníomhaíocht a Ceathair
Na Trí Mhuc Bheaga
(Nasc le Teangacha)

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- bheith ábalta focail agus frásaí coitianta scríofa sa sprioctheanga roghnaithe a aithint;
- páirt a ghlacadh i scéalaíocht agus i ngníomhartha sa sprioctheanga [Cum.]; agus
- faisnéis ó fhoinse thugtha dhigiteach, mar atá, micreashuíomh CCEA, Primary Languages[UTFC] a aimsiú, a roghnú agus a úsáid.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Dearadh na gníomhaíochtaí seo do mhúinteoirí nach speisaltóirí iad i dteagasc teanga agus baineann siad úsáid as micreashuíomh CCEA Primary Languages mar áis dhigiteach do na páistí agus don mhúinteoir araon. Is féidir an micreashuíomh a úsáid le páistí atá ina dtosaitheoirí amach is amach nó é a chur in oiriúint dóibh siúd a bhfuil taithí éigin acu ar an sprioctheanga.

Tabhair taithí duit féin ar an téacs agus ar an bheochan ar an suíomh sula gcuirfidh tú an scéal sa sprioctheanga i láthair [lean an nasc go 'stories' sa sprioctheanga ar an micreashuíomh Primary Languages a bhfuil rochtain air ag www.nicurriculum.org.uk].

Cinntigh go bhfuil an scéal Na Trí Mhuc Bheaga ar eolas ag na páistí i nGaeilge. Úsáid seal scéalaíochta ó Leabhar Mór nó gníomhaíocht seichimh lena gcuimhní ar an scéal a athnuachan.

Inis an scéal sa sprioctheanga ó thús go deireadh uair amháin gan na focail a thaispeáint, an micreashuíomh agus clár bán idirghníomhach nó sonratheilgeoir in úsáid agat. Cuir an ghearrthóg fuaime ar siúl agus ansin déan na frásaí a athrá tú féin, ag ligean do na páistí fuaimniú an chainteora dúchais agus an fuaimniú s'agat féin a chluinstin.

I rith an dara agus an tríú léamh, tabhair páirt do na páistí trína spreagadh leis na frásaí a athrá in éineacht leat i ndiaidh ghearrthóg fuaime an chainteora dúchais. Aibhsigh eochairfhocail nó eochairfhrásaí a déarfaidh na páistí athuair, agus spreag iad le focail choitianta a rá roimh an ghearrthóg fuaime, agus le heochairfhocail nó le heochairfhrásaí a chríochnú. Déan gach mír den scéal a oiread uaireanta agus is gá. Iarr ar na páistí gníomhartha cuí a mholadh le heochairfhocail nó le heochairfhrásaí a léiriú.

Tabhair deiseanna go rialta do na páistí filleadh ar an suíomh gréasáin ar feadh tréimhsí gearra. Tosaigh gach uair ag athinsint an scéil agus ansin tabhair rím ghnímh nua isteach ó na háiseanna atá ar fáil.

Bain úsáid as an sprioctheanga nuair is féidir thar na Réimsí Foghlama amach anseo. Tá deiseanna cuí sainaitheanta sna gníomhaíochtaí seo a leanas.

* Féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2.*

Gníomhaíocht a Cúig
Cad é atá Istigh i dTeach?
(Nasc le Teangacha)

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dheanfaidh na páistí:

- eolas a fháil ar eochairfhocail agus frásaí simplí a bhaineann le tithe agus bailte agus freagairt dóibh;
- bheith in ann roinnt gnáthfhocal agus gnáthfhrásaí scríofa sa sprioctheanga a aithint;
- faisnéis a aimsiú, a roghnú, a thuiscint agus a thaighde , micreashuíomh CCEA, Primary Languages[UTFC];
- tosú a thuiscint an dóigh ar féidir le teaghlaigh cuidiú, tacaíocht agus cúram a thabhairt dá chéile; agus
- tosú a thuiscint an dóigh a bhféadfaidh a ngníomhartha féin dul i bhfeidhm ar dhaoine eile.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Dírigh ar an troscán a bhíonn le feiceáil i seomraí éagsúla tí trí stór focal sa sprioctheanga a theagasc. Priontáil agus lannaigh na pictiúir ón Stór Focal ar an mhicreashuíomh le focalchártaí troscáin agus seomraí a dhéanamh. Cuir focail nua i láthair le húsáid guthanna greannmhara agus iarr ar na páistí na focail a athrá den ghuth chéanna agus ar an luas céanna. Is féidir na focalchártaí a úsáid ar dhóigheanna éagsúla leis an stór focal a dhaingniú, mar shampla trí na cluichí seo a leanas:

Fíor/Bréagach

Tóg pictiúrchárta in airde, nó iarr ar pháiste pictiúrchárta a thógáil in airde, agus abair focal sa sprioctheanga. Má tá an focal agus an pictiúr ag aontú le chéile, déarfaidh na páistí an focal. Mura bhfuil, déarfaidh na páistí 'Níl, Níl, Níl' [ag brath ar an fhrása sa sprioctheanga sa scéal **Na Trí Mhuc Bheaga**] agus thiocfadh le duine acu an focal ceart a mholadh. Gníomhaíocht úsáideach atá ann duitse a ligfidh duit na páistí a bhreathnú agus an gá le daingniú a mheas.

An Cárta a Thomhas

Is féidir leis na páistí an cluiche seo a imirt mar rang nó ina ngrúpaí. Coinnigh tusa nó dalta cárta faoi cheilt ó na daoine eile agus iarr ar pháistí aonair an seomra nó an ball troscáin ar an chárta a thomhas. Má thomhaiseann an dalta i gceart [sa sprioctheanga], beidh seans aige cárta a choinneáil faoi cheilt. Gach uair a thomhaisfidh dalta i gceart, beidh cead aige an cárta a choinneáil. Is é an buaiteoir an té is mó a bhfuil cártaí aige ag an deireadh.

Lean an nasc 'Teachers' ar an mhicreashuíomh le tuilleadh smaointe a fháil.

Mar ullmhú don chluiche troscáin ar an mhicreashuíomh, labhair leis na páistí faoin taithí atá acu ar aistriú tí agus ar a mbíonn i gceist. Ansin tabhair deis dóibh cuidiú leis an teaghlach an troscán a chur sa seomra ceart trí é a chliceáil agus a tharraingt. Tabhair cead do na páistí éisteacht leis an ghearrthóg fuaime atá ar fáil (nó leat féin) d'ainm gach ball troscáin. Roghnaigh dalta nó grúpa amháin a fhiafróidh sa sprioctheanga 'Cá dtéann an ... ?' do gach ball troscáin, le linn do na daoine eile [ina n-aonar, ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí] 'Sa seomra ...' a thabhairt mar fhreagra, agus an ball troscáin a tharraingt agus a fhágáil sa seomra ceart.

Cuir an rang ina mbunghrúpaí agus tabhair pictiúrchárta de sheomra do gach grúpa. Taispeáin pictiúir de bhaill troscáin agus fiafraigh, 'Cá dtéann an ... ?' Déarfaidh an grúpa cuí 'Sa seomra ...' Is é an grúpa is túisce a chruinníonn trí bhall troscáin an buaiteoir.

Léigh le chéile an scéal **Béirín** ar an mhicreashuíomh. Úsáidtear an sprioctheanga sa scéal seo lena léiriú go n-úsáidimid seomraí éagsúla le haghaidh gníomhaíochtaí difriúla. Úsáid cuid de na straitéisí léitheoireachta a sainíodh i nGníomhaíocht a Ceathair mar chuidiú le taithí a thabhairt do na páistí ar an scéal.

Léigh an scéal arís agus moilligh ag gach seomra le taithí na bpáistí ar an saol sa bhaile a phlé. Fiafraigh cé na daoine sa teaghlach a bhíonn i ngach seomra de ghnáth, agus cé na gníomhaíochtaí a dhéanann siad istigh ann.

Leathnaigh an plé leis na dualgais áirithe a bhíonn ar pháistí sa bhaile a chur san áireamh, mar shampla an tábla a chóiriú, a seomra leapa a réiteach nó an leaba a chóiriú. D'fhéadfá na dualgais seo a fhiosrú trí ghníomhaíocht **Bailiúchán Poistíní*** ina ngrúpaí. Déan ceangal idir na rialacha a leanann páistí sa bhaile agus rialacha atá leagtha síos dóibh ar scoil, sa chlós, sa rang agus do ghrúpobair. Tabhair dúshlán dearcadh steiréitipiciúil ar bith i rith na gníomhaíochta agus san aiseolas/plé ranga.

Úsáid an tsraith 'Just Like' mar spreagadh le dráma agus le rólghlacadh a fhorbairt, mar shampla, achrainn a d'fhéadfadh tarlú sa bhaile a dhéanamh. Is féidir gur mhaith leat úsáid a bhaint as Aonad 3: 'Cad Chuige Ar Cheart Dom?' *ó Maireachtáil. Foghlaim*. Le Chéile Bliain 3.

Spreag na daltaí le féinmheastóireacht a dhéanamh ar a n-obair leis an sprioctheanga tríd an ghníomhaíocht **Dorn-go-Cúígear***. Dírigh ar a muinín, a sult, a dtuiscint ar an stór focal, srl.

Le cuntas a choinneáil ar rath na bpáistí, tabhair fillteán teanga aonair do gach páiste. Beidh siad in ann cur leis an fhillteán de réir mar a fhoghlaimeoidh siad tuilleadh den teanga, mar shampla:

- 'Is féidir liom cuntas go dtí a deich sa sprioctheanga' in éineacht le léaráidí agus le focail do na huimhreacha sa sprioctheanga; nó
- 'Is féidir liom seomraí tí a ainmniú sa sprioctheanga' in éineacht le léaráidí agus/nó stór focal.

* Féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2.*

Gníomhaíocht a Sé
Teach Ranga a Dhéanamh
(Nasc le Teangacha)

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- foghlaim faoi ábhair sa timpeallacht nádúrtha agus sa timpeallacht thógtha; agus
- machnamh faoi chosúlachtaí agus faoi dhifríochtaí idir airíonna foirgneamh, agus idir tírdhreacha ina gceantar áitiúil agus sa domhan mór.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Iarr ar na páistí ainmneacha na seomraí sa teach, agus an troscán a chuirfeadh siad i ngach seomra, a shainaithint. Úsáid smeach-chairt nó clár bán idirghníomhach le **Léarscáil Intinne*** ranga a chruthú agus le freagraí na bpáistí a thaifeadadh. Úsáid an deis seo le dul siar ar an stór focal sa sprioctheanga a d'fhoghlaim siad i nGníomhaíocht a Cúig, agus chomh maith, leis an ghníomhaíocht **An Ceann Corr*** sa sprioctheanga a thabhairt isteach. Féach Áis B le haghaidh Stór Focal is féidir a úsáid mar fhoinse.

Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag obair ina ngrúpaí le samhaltán 3T de theach sa Fhrainc, sa Ghearmáin nó sa Spáinn, mar is cuí, a phleanáil, a dhearadh agus a chruthú. Le smaointe a spreagadh, úsáid an gréasán leis an chuma a bhíonn ar thithe i dtír na sprioctheanga a thaighde le chéile. Ullmhaigh éagsúlacht ceisteanna oscailte le fiosrú a dhéanamh agus **Léarscáil Intinne*** in úsáid, mar shampla:

- Cad é mar atá an teach seo difriúil ó do theach féin?
- Cad é a thugann tú faoi deara atá difriúil faoin taobh amuigh de gach ceann de na tithe?
- Cad as a bhfuil na tithe déanta?

Tabhair ar na páistí eangach **EMF/ECF*** a úsáid lena bhfiosrú a struchtúrú.

Tabhair ar gach grúpa oibriú ar sheomra faoi leith den teach. Tabhair am dóibh leis an troscán ba mhaith leo a chur ina seomra a shocrú agus le plean a dhréachtú.

Ullmhaigh réimse ábhar a chuirfidh ar chumas na bpáistí a samhaltáin a fhorbairt. Is féidir go mbeidh na rudaí seo thíos san áireamh:

- bosca bróg nó bosca eile cairtchláir a bheidh ina struchtúr don seomra;
- éagsúlacht boscaí beaga, amhail boscaí gránaigh, le bheith ina gcófraí agus ina vardrúis;
- coirc, cipíní líreacáin, feadáin pháipéar cistine, cipíní, cárta daite, olann chadáis, scragall stáin agus marla nó cré le troscán eile a dhéanamh;
- píosaí fabraice nó páipéar síprise le cuirtíní agus le rugaí a dhéanamh;
- líon beag d'earraí réamhdhéanta ó thithe bábóige nó bréagáin eile; agus
- péinteanna, pinn fheiltbhioracha agus criáin le maisiú.

Tabhair am do na grúpaí machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir leo a seomra a chur i láthair sa sprioctheanga. Chomh maith le stór focal a bhaineann le seomraí agus le troscán, d'fhéadfá focail ar dhathanna agus ar uimhreacha a chur san áireamh ['Seo an seomra suí... tá dhá thábla ann... Tá an tolg dearg...' srl.]. B'fhéidir gur mhaith leat iarraidh ar na páistí an troscán a lipéadú sa sprioctheanga le poistíní beaga.

Nuair a bheidh a dtáirge críochnaithe curtha i láthair ag gach grúpa, cuir na seomraí le chéile in áit a mbeidh gach duine in ann an teach ranga críochnaithe a fheiceáil agus a thrácht.

Fiafraigh cé acu atá nath nó teachtaireacht - amhail mata tairsí 'Fáilte' nó comhartha 'Sé do Bheatha' - ag duine ar bith de na páistí áit éigin sa bhaile. Faigh amach faoi nathanna éagsúla, mar shampla 'Nil aon Tinteán mar do Thinteán Féin'. Pléigh an dóigh a bhféadfadh daoine i dtíortha éagsúla nathanna éagsúla a bheith acu, agus soláthair cuid de na nathanna ó Áis C do na páistí. Leis an dlaoi mhullaigh a chur ar an teach, tabhair cead do gach grúpa mata beag nó táipéis bhalla bheag a dhéanamh dá seomra, an nath is ansa leo sa sprioctheanga scríofa agus maisithe air.

Gníomhaíocht don Fhoghlaim Baile

I ndiaidh dóibh An Litir le Janie Cribbs a léamh agus a phlé sa rang, tabhair ar na páistí a seoladh poist a fhoghlaim agus a scríobh sa bhaile. Ansin abair leo a seoltaí a mhalartú sa rang. Iarr orthu cárta poist nó litir ghairid chuig comrádaí ranga a scríobh.

Déan comparáid idir an dóigh a scríobhtar seoltaí sa tír nó sa réigiún ina labhraítear an sprioctheanga agus an dóigh a scríobhtar anseo iad. Déan colláis de chártaí poist a seoladh ó cheantar sprioctheanga le haghaidh taispeántas ranga.

Déan nasc le scoil i dtír eile tríd an ríomhphost nó tríd an fhíschomhdháil. Thiocfadh leat clárú leis an chlár eTwinning de chuid The British Council, agus an tionscadal Comenius a fhiosrú le heolas a fháil faoi mhalairtí agus faoi mhaoiniú do bhunscoileanna [féach www.britishcouncil.org].

* Féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2.*

Gníomhaíocht a Seacht
Clúid Duit Féin

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- tábhacht na dídine mar bhunriachtanas a thuiscint;
- tosú a dhéanamh nascanna idir cúis agus toradh;
- tosú a thuiscint na gcosúlachtaí agus na ndifríochtaí idir daoine;
- bheith in ann an baile s'acu a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le bailte páistí ó thíortha eile; agus
- roinnt cosúlachtaí agus difríochtaí idir foirgnimh ina gceantar áitiúil agus sa domhan mór a aithint.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Dírigh ar na tithe difriúla sa scéal **Na Trí Mhuc Bheaga**. Fiafraigh de na páistí an féidir leo cuimhneamh ar scéalta ar bith eile atá lonnaithe i dtithe, amhail Mar a Fuair Cú Chulainn a Ainm nó Hansel and Gretel.

Nasc le Teangacha: Téigh siar ar an stór focal ón scéal na Tri Mhuc Bheaga. Úsáid an suíomh gréasáin leis an scéal a athinsint agus leis na cluichí a athimirt.

Cuir bailiúchán pictiúr le chéile d'áiteanna ar fud an domhain is féidir leat a úsáid mar leideanna amhairc le háiteanna cónaithe éagsúla a fhiosrú. Taispeáin bailte éagsúla do na páistí, mar shampla gnáth-theach sa domhan thiar, bothán dóibe san Afraic agus ioglú Ionúiteach. Fiosraígh agus pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann de na trí chineál tí. Pléigh cad chuige a bhfuil tithe faoi leith fóirsteanach i dtimpeallachtaí difriúla.

Iarr ar na páistí ina ngrúpaí grianghraif de chineálacha éagsúla tí a shórtáil de réir mar a bheadh siad fóirsteanach do thír the nó do thír fhuar. Tabhair deis do na páistí na dóigheanna a dtugann daoine ar fud an domhain foscadh dá dtithe ón adhaimsir a thaighde. Tabhair isteach eangacha **ABC*** agus comhaid bhoscaí tionscadail don taighde, agus úsáid an pacáiste *Slideshow* TFC le cuidiú leis na páistí a dtorthaí a chur i láthair do na grúpaí eile.

Cuir na tithe i bpobal na bpáistí i gcomparáid leis na cineálacha difriúla tí a chonaic siad go dtí seo san aonad seo. Tabhair deis do na páistí amharc ar phictiúir de thithe éagsúla in Éirinn, m.s. teach ceann tuí, teach Seoirseach i mBaile Átha Cliath. Pléigh an tábhacht atá le háit dídine a bheith agat.

Fiosraígh le chéile ceist na ndídeanaithe nó na daoine atá gan dídean, agus na fadhbanna a bhíonn acu. Úsáid eangacha **ABC*** le haghaidh gníomhaíochtaí grúpa, ansin déan faisnéis a thaighde trí úsáid áiseanna traidisiúnta agus/nó digiteacha [amhail Lift Off, www.liftoffschools.com]. Eagraigh cuairteanna pearsanta fosta, más féidir.

* Féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2.*

Gníomhaíocht a hOcht
Brící, Craobhacha nó Boscaí?

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- cosúlachtaí agus difríochtaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile;
- úsáidí réimsí ábhar a thuiscint;
- foghlaim faoi ábhair sa timpeallacht nádúrtha agus sa timpeallacht thógtha;
- foghlaim faoi airíonna gnáthábhar laethúil agus faoina n-úsáidí;
- foghlaim go bhfuil éagsúlacht de bheatha phlandúil agus de bheatha ainmhíoch sa domhan thart orthu;
- bheith eolach ar ilchineálacht na ndaoine ar fud an domhain; agus
- réada a shórtáil agus a rangú de réir dhá chritéar [ÚMata].

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Bain úsáid as stór focal faoi leith d'ábhair dhifriúla, amhail adhmad, bríce agus plaisteach, trí ghníomhaíochtaí sórtála a dhéanamh i ngrúpaí. Forbair scileanna rangaithe na bpáistí le hairíonna amhail crua, bog, dolúbtha, solúbtha, trédhearcach, teimhneach agus ionsúiteach a chur san áireamh. Iarr orthu mangarae a shórtáil agus a rangú de réir airíonna.

Déan taighde ar réimse ábhar a úsáidtear sa bhaile agus ar an úsáid a bhainimid astu. Cuir eiseamláirí de réad amháin ach déanta as ábhair dhifriúla i gcomparáid le chéile, mar shampla, spúnóg adhmaid, spúnóg mhiotail agus spúnóg phlaisteach. Tabhair fáthanna as ábhair faoi leith a roghnú.

Fiosraigh cén fhabraic is fearr le lámhainní geimhridh a dhéanamh. Cuir samplaí d'ábhair dhifriúla ar fáil ar a mbunóidh na páistí turgnamh lena dteoiricí a thástáil. Úsáid an ghníomhaíocht **Ag Bailiú Méide*** le teacht ar chomhdhearcadh. Glac grianghraif le cuntas a choinneáil ar gach céim den turgnamh.

Déan tagairt do na tithe ó thiortha ar fud an domhain ar amharc sibh orthu i nGníomhaíocht a Seacht, agus topaic na n-ábhar go fóill faoi chaibidil agaibh. Leag amach dúshlán grúpa: tabhair do gach grúpa pictiúr mór de dhuine agus cárta a luann an tír nó an réigiún sa domhan arb as é. Cuir boscaí ar fáil atá líonta de shamplaí d'ábhair éagsúla is féidir leis na páistí a úsáid le héadaí a chruthú a thiocfadh leis an duine sa phictiúr a chaitheamh agus é taobh amuigh. Thiocfadh leo na fabraicí a roghnaigh siad a ghearradh, a chruthú agus a ghreamú ar an phictiúr. Úsáid **Díospóireacht Cipín*** leis an aiseolas don chuid eile den rang a struchtúrú ar dhóigh a choiscfidh páistí atá níos caintí ar sheilbh a ghlacadh ar an chomhrá.

Fiosraigh bailte ainmhithe éagsúla, mar shampla:

- iora – nead iora
- beach – coirceog
- éan – nead
- broc – brocach, agus
- damhán alla - líon damháin alla.

Fiosraigh na hábhair a úsáideann na hainmhithe seo lena mbailte a dhéanamh. Lean ort ag forbairt stór focal na bpáistí. Tabhair pictiúir dóibh le sórtáil, .i. na hainmhithe a mheaitseáil lena mbailte speisialta [Áis D]. Iarr ar na grúpaí a dtorthaí a insint don rang, agus pléigh le chéile iad.

Nasc le Teangacha: Teagasc ainmneacha ainmhithe coitianta sa sprioctheanga. Féach an Stór Focal in Áis B leis an fhoclóir chuí a fháil.

* Féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2.*

RANNÁ



Cad é Mar is Féidir Linn a bhFuil Foghlamtha Againn a Thaispeáint?

03

Gníomhaíocht a Naoi
An Tábhacht atá ag An Bhaile Dom

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- léirthuiscint a bheith acu ar shaothar ealaíontóirí; agus
- úsáid teicnící líníochta agus péintéireachta a fhoghlaim le freagairt a thabhairt ar a bhfeiceann, ar a gcuimhníonn agus ar a samhlaíonn siad.

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Lig do na páistí cláir ón tsraith BBC *I Do This* a fheiceáil agus a phlé. Tabhair deis dóibh bailte éagsúla a bhreathnú agus cur síos a dhéanamh orthu, ina measc tithe solais, báid chónaithe, muilte gaoithe agus carbháin, srl. Sainaithnígí le chéile cosúlachtaí agus difríochtaí idir na tithe seo. Cuir tithe tuaithe agus tithe baile mhóir a bhfuil taithí ag na foghlaimeoirí orthu i gcomparáid lena chéile.

Taispeáin do na páistí eiseamláirí de dhóigheanna ar léirigh ealaíontóirí difriúla tithe agus bailte in íomhánna. Cuir ealaíontóirí áitiúla san áireamh, mar shampla an t-ealaíontóir Tom Mc Goldrick as Cúil Raithin, agus ealaíontóirí ó na tíortha ina labhraítear an sprioctheanga a roghnaigh tú.

Roghnaigh agus scrúdaigh píosa ealaíne amháin a bheidh ina spreagadh do na páistí píosa ealaíne dá gcuid féin a bhaineann leis an 'bhaile' a chruthú. Cuir éagsúlacht meán san áireamh más féidir, mar shampla pastail, criáin agus gualach, agus éagsúlacht teicnící, amhail monaiphriontáil agus péintéireacht.

Socraigh an dóigh is fearr le hobair na bpáistí agus le saothar bhur n-ealaíontóra roghnaithe a chur ar taispeáint. Spreag iad le machnamh a dhéanamh ar a bpíosa oibre féin tríd an mhodh **Dhá Réalta agus Mian***. Tabhair am dóibh le hobair a chéile a bhreathnú ina ngrúpaí, le machnamh a dhéanamh ar dhóigheanna arbh fhéidir í a oiriúnú, agus le dóigheanna lena feabhsú nó lena hathrú a mholadh, an modh Dhá Réalta agus Mian in úsáid acu arís.

* Féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2.*

Gníomhaíocht a Deich
Na Trí Mhuc Bheaga tríd an Damhsa

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- smaointe gluaiseachta mar fhreagairt ar scéal a chruthu agus a chleachtadh, bheith in ann cuimhneamh orthu agus iad a thaibhiú;
- patrúin shimplí rithimeacha a thaibhiú agus iad a dhéanamh arís i gcruthanna difriúla;
- bheith in ann comhoibriú ina ngrúpaí de thriúr; agus
- foghlaim ó smaointe daoine eile, agus meas a bheith acu orthu [SSAP].

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Beidh an fócas anseo ar léiriú na bpáistí ar na carachtair sa scéal **Na Tri Mhuc Bheaga**. Cruthóidh na páistí a seichimh agus a smaointe gníomhaíochta, ag díriú ar '*cad é*' atá siad a dhéanamh, agus ar '*cad é mar*' atá siad a dhéanamh, seachas ar imeachtaí an scéil a léiriú de réir mar a tharlaíonn siad. Cruthóidh siad a dturas féin tríd an scéal trí na mothúcháin a léiriú nó trí na tréithe atá ag na trí mhuc bheaga a ghlacadh chucu féin. Ba cheart go mbeadh siad in ann luas agus láidreacht a ngníomhartha a athrú, agus in ann tosú agus stad nuair a thugtar leid.

D'fhéadfadh na páistí amharc ar ghearrthóg as an leagan cartúin de *Animal Farm* le George Orwell leis an dóigh a mbíonn muca ag sodar agus ag gluaiseacht a bhreathnú.

Nasc le Teangacha: Thiocfadh leat treoracha simplí sa sprioctheanga a thabhairt mar chuid de na gníomhaíochtaí seo.

Iarr ar na páistí cruthanna éagsúla muice a dhéanamh; ansin iarr orthu a bheith ag sodar, ar a mbarraicíní, na glúine ag éiri go hard, na lámha á gcoinneáil in áit os comhair an chliabhraigh agus faoin smig. Iarr orthu seasamh ina línte de thriúr agus gníomhaíocht 'lean an treoraí' a chleachtadh ar na barraicíní, ag iarraidh spásanna difriúla a aimsiú le dul isteach iontu is amach astu. D'fhéadfadh na grúpaí de thriúr teacht le chéile ina línte de sheisear nó de naonúr, agus ar deireadh d'fhéadfadh na muca beaga imeacht ón líne ar na barraicíní, muc ar mhuc, agus slán a fhágáil ag an chuid eile.

Tús an Turais

Ligfidh na páistí orthu féin go bhfuil siad ag dul i gceann aistir agus go bhfuil brón agus eagla orthu roimh an bhaile a fhágáil. Gluaisfidh siad go mall ar chosáin dhifriúla i dtreonna difriúla, ag taisteal trí fhoraoisí, thar dhroichid, thar shruthanna, srl. Gach ré seal, cuirfidh tormán eagla orthu: stopfaidh siad in áit na mbonn, cromfaidh siad síos nó rachaidh siad i bhfolach taobh thiar de chrann nó de sceacha, agus amharcfaidh siad thart lena fháil amach cén rud a rinne an tormán. Mac tíre, b'fhéidir?

Is féidir leat nasc a dhéanamh leis an cheol trí 'Ag Sodar ar an Bhóthar' a chanadh le fonn 'Knees Up Mother Brown' [féach an leabhar ceoil *The Three Singing Pigs* [A & C Black]. Soláthróidh an t-amhrán buille rialta do na páistí agus iad ag sodar ar na barraicíní agus ag bogadh de réir bhuille an cheoil san am céanna .

An Teach Déanta as Tuí

Stadfaidh na páistí le tuí a bhailiú, iompróidh siad baclainneacha móra de chuig áiteanna difriúla agus tógfaidh siad an teach tuí [ag tógáil, ag iompar, ag síneadh, á ceangal le chéile, srl.]. Ligfidh siad orthu go bhfuil siad ag croitheadh tuí ar fud urlár an tí. Mar chríoch, iarr orthu iad féin a chuachadh gan baint dá chéile agus ansin éirí go mall le chéile le cruach ard tuí a dhéanamh. Is féidir go dtabharfaidh sé seo smaoineamh dóibh faoi chruth leis an damhsa grúpa a chríochnú.

Iarr ar na páistí, ina dtriúir, an treoraí a leanúint go fuinniúil, ag scipeáil go hard nó go híseal, ag tiontú agus ag gluaiseacht ar chosáin dhifriúla. Athraigh an treoraí roinnt uaireanta agus tabhair am do na páistí a smaointe gluaiseachta a chleachtadh agus a léiriú.

Is féidir leat naisc bhreise leis an cheol a dhéanamh trí cheol a chumadh ag baint úsáid as focail agus fuaimeanna onamataipéacha leis an tógáil a léiriú. D'fhéadfadh cantaireacht na bpáistí a thionlacan le huirlisí ceoil. B'fhéidir gur mhaith leat an t-amhrán a athrá don teach adhmaid agus don teach brící.

An Teach Déanta as Adhmad

Cruinneoidh agus tógfaidh na paistí brosna agus ullmhóidh siad leis an teach a thógáil; mar shampla, b'fhéidir gur ghá dóibh cipíní áirithe a ghearradh le sábh nó a cheangal le chéile. Is féidir leis na páistí gníomhartha láidre, athchleachtacha, rithimeacha a chleachtadh, na méara díreach agus spréite, le tua na gcipíní a léiriú. Spreag iad le cromadh agus le gluaiseachtaí láidre láimhe a úsáid cuid mhaith. Iarr orthu smaoineamh faoin dóigh arbh fhéidir na cipíní a aistriú, a iompar, a bhrú, a tharraingt nó a shracadh. Lig dóibh gluaiseachtaí nó cruthanna tobanna preabacha a chleachtadh lena n-uillinneacha, lena méara, lena gceann agus lena gcosa ar leibhéil arda agus ar leibhéil ísle. Grúpáil na páistí ina dtriúir lena nascadh le chéile le cruth teach tuí a dhéanamh, mar shampla, uilleann ar ghlúin nó cos ar lámh. Thiocfadh leat cnaguirlisí a úsáid mar thionlacan, mar shampla, clabhaí adhmaid. Déan an ghníomhaíocht 'Lean an Treoraí' a luadh thuas.

An Teach Déanta as Brící

Tógfaidh agus iompróidh na páistí na brící troma. Cleachtfaidh siad siúl tuisleach faoi ualaigh shamhailteacha de bhrící, na brící a chur síos agus na ballaí a thógáil bríce ar bhríce. Pléifidh na páistí an dóigh a dtógfaidh siad a dteach bríce agus cleachtfaidh siad an gníomh, mar shampla, stroighin a shuaitheadh, ulóg a úsáid, na brící a leagan, ag síneadh níos faide agus níos faide de réir mar a bheidh an balla ag éirí níos airde. Mar chríoch, is féidir leo lámh a cheangal le chéile i gciorcal le balla láidir sábháilte thart ar an teach a dhéanamh.

An Mac Tíre Mór Dalba

Machnóidh na páistí ar na gluaiseachtaí agus ar na gníomhartha a d'úsáidfeadh an mac tíre. Machnaigh ar roinnt smaointe: snámh ar an talamh, stalcaireacht, gliúcaíocht trí na fuinneoga, srl. Iarr ar na páistí cruthanna mic tíre a dhéanamh, cosa agus lámha láidir agus scartha, agus crúba sínithe agus spíceach. Nuair a déarfaidh tú 'Séidfidh mé agus séidfidh mé agus leagfaidh mé do theach,' stopfaidh an mac tíre go tobann in áit na mbonn go dtí deireadh d'abairte.

Déan sealaíocht ar thriúr nó cheathrar páistí ag déanamh ról an mhic tíre, ag bogadh amach agus isteach i measc na bpáistí eile, ag seilg agus ag déanamh a mbealaigh ar ais go dtí a n-áiteanna féin.

Shéid sé agus Shéid sé

Glac chugat féin ról an mhic tíre, nó tabhair do dhalta é. Seasfaidh an mac tíre i lár an tseomra. Déanfaidh gach duine na gníomhartha séidte le linn don mhac tíre 'Séidfidh mé agus séidfidh mé agus leagfaidh mé do theach,' a rá. Ansin titfidh gach duine ar an urlár de réir mar a leagfar an teach s'acu. Leagfar an teach tuí agus an teach adhmaid ar a seal sula rachaidh gach duine isteach i ngrúpa an tí brící le bheith sábháilte.

Taibhiú – Ceacht Deireanach

Cuir an rang ina dtrí ghrúpa: tuí, adhmad agus brící. Rachaidh siad ar a n-aistear le teach a thógáil agus ansin stopfaidh siad in áit na mbonn mar chruth tí. Déanfaidh an mac tíre (tú féin nó páiste) seilg thart ar chruth tí na bpáistí, ag iarraidh bealach isteach a aimsiú agus ag rá arís is arís eile, 'Séidfidh mé agus séidfidh mé agus leagfaidh mé do theach!' Is féidir leis na páistí ón teach tuí rith le bheith leis an ghrúpa sa teach adhmaid. Ansin is féidir leis an ghrúpa mhór seo rith le dul isteach sa teach brící. Ar deireadh, beidh na páistí seo uilig i gciorcal mór a dhéanfaidh balla láidir sábháilte thart ar an teach brící.

Damhsa Sona go Deo

Iarr ar na páistí oibriú ina dtriúir lena ndamhsa sona féin le ceol bríomhar a chumadh. Is féidir scipeáil, bualadh bos, preabadh agus céimeanna ar chosa in airde, srl., a úsáid sa damhsa.

Gníomhaíocht a hAon Déag
Dráma ar Na Trí Mhuc Bheaga i Sprioctheanga Eile *(Nasc le Teangacha)*

Cuspóirí Foghlama Molta

Is é a dhéanfaidh na páistí:

- tosú a fhorbairt scileanna drámata trí pháirt a ghlacadh i rólghlacadh agus frapaí simplí a úsáid;
- breis forbartha a dhéanamh ar chleachtaí na comhfhoghlama: ag déanamh sealaíochta, ag roinnt smaointe agus ag comhoibriú san áireamh;
- freagracht phearsanta a ghlacadh as bheith ag obair le daoine eile agus a gcuid féin d'obair an ghrúpa a mheasúnú; agus
- tosú ar mheas a bheith acu ar dhearcadh agus ar thuairimí daoine eile, agus ar theacht ar chomhaontuithe tríd an idirbheartaíocht agus tríd an chomhghéilleadh [SSAP].

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc Molta

Mínigh do na páistí go bhfuil siad ag dul a phleanáil agus a thaibhiú an scéil **Na Trí Mhuc Bheaga**. Úsáid clár pleanála, agus fiafraigh de na páistí cad iad na ceisteanna is gá dóibh a chur faoin tasc. Cuir ceisteanna oscailte san áireamh, amhail:

- Cad é mar a thosóimid?
- Cad é atá againn?
- Cad é is féidir linn a dhéanamh?
- Cad é is féidir linn a thógáil?
- Cad é atá de dhíth orainn?
- Cad é a thig linn tabhairt isteach?
- Cé dó a ndéanfaimid an taibhiú?
- Cén leagan amach a chuirfimid ar an seomra ranga?

Tabhair radharc den scéal do gach grúpa, nó lig do 2 nó do 3 ghrúpa teacht le chéile leis an scéal iomlán a thaibhiú. Lig do na páistí bheith páirteach sa phróiseas cinnteoireachta. Is féidir go mbeidh an ghníomhaíocht **Na Cúig Cheist*** úsáideach leis an phróiseas a struchtúrú.

Tabhair am do na páistí ina ngrúpaí liosta de na carachtair agus de na frapaí a bheidh de dhíth orthu do gach radharc a leagan amach. D'fhéadfá an cleachtadh **Balún Aeir The*** a úsáid, mar uirlis phleanála le smaointe na bpáistí a dhíriú agus fosta le deis a thabhairt duit na scileanna a d'fhoghlaim siad i rith an aonaid oibre a bhreathnú: cinnteoireacht ghrúpa, comhoibriú, smaointe a roinnt, sealaíocht a dhéanamh, cinnteoireacht agus réiteach coimhlinte.

Iarr ar na páistí a gcinntí a chur ar taispeáint ar **Chláir Ghraifítí*** [clár an grúpa] ar féidir cur leo de réir mar a rachaidh an tasc ar aghaidh agus de réir mar a mholfar agus mar a aontófar smaointe nua.

Roghnú Ábhar

Bailigh áiseanna de réir smaointe na bpáistí ón ghníomhaíocht roimhe seo móide ábhair bhreise. Cinntigh go bhfuil rogha shaor d'ábhair acu. Déan nasc idir an tasc agus an t-eolas ar ábhair a d'fhorbair siad i gceachtanna roimhe seo, stór focal a d'fhoghlaim siad sa sprioctheanga san áireamh. Breathnaigh na páistí agus spreag iad leis an pháirt s'acu sa tionscadal a aontú agus le freagracht a ghlacadh aisti. Lig dóibh toirt na bhfrapaí a shocrú agus a n-eolas ar thomhas a chur i bhfeidhm, agus aonaid chaighdeánacha agus neamhchaighdeánacha in úsáid acu mar is cuí. An uair amháin atá na frapaí déanta, tabhair am do gach grúpa an tasc atá déanta aige agus an dóigh a ndearnadh é a phlé. Úsáid **Díospóireacht Cipín*** le haiseolas ó gach ball de gach grúpa a chinntiú.

Cleachtadh

D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo a bheith san áireamh leis an dráma a ullmhú: **Sa Suíochán Te*, Fráma Reoite***, Amharclann Fóraim agus **Tableau***. Tabhair creatlach scéil do ghrúpaí faoi leith le linn do na grúpaí eile iad a bhreathnú agus aiseolas a thabhairt. Cleacht stór eocharfhocal trí scéalaíocht ranga agus trí ghníomhaíochtaí ón mhicreashuíomh Primary Languages.

Socraigh ar ról do gach ball, scéalaithe, carachtair, rannpháirtíocht lucht féachána, maisíochtaí fuaime, srl.

Tabhair go leor ama do na grúpaí le radhairc agus leis an scéal iomlán a chleachtadh. Cuimhnigh ar pháistí a bhfuil treorú de dhíth orthu. Bí feasach ar an am is cuí duit féin do ladar a chur isteach le rudaí a bhrostú agus ar an am is cuí duit tarraingt siar arís agus ligean dóibh dul ar aghaidh leis. Úsáid orláistí uibhe le cuidiú leis na páistí a ngníomhaíochtaí drámata agus a n-am cleachta a rialú.

Taibhiú a Fhógairt

Déan gníomhaíochtaí comhscríbhneoireachta le cuirí nó póstaeir a ullmhú don taibhiú. Is féidir comhthéacs scríbhneoireachta áitithí a chur ar fáil le póstaeir, mar shampla, is féidir go roghnóidh na páistí na fáthanna ar cheart don lucht féachana teacht chuig an taibhiú a liostú, amhail 'Cuirfidh sé ag sciotaíl thú' agus 'Feicfidh tú an mac tíre dalba ag leagan cúpla teach'. Is deis iad na cuirí scileanna i scríobh cártaí nó litreacha agus in úsáid seoltaí a fhorbairt.

Thig leis na gníomhaíochtaí roghnacha fadhbréitigh seo a bheith san áireamh:

- Cá háit a suífidh gach duine? [Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith le grúpaí plean suímh a dhéanamh agus ticéid a eisiúint.]
- Cén leagan amach a bheidh ar an seomra ranga? [Mar shampla, thiocfadh le grúpaí plean a dhréachtú leis an seomra a athrú. Is féidir róil a bhaineann le frapaí agus le haistriú troscáin a thabhairt do pháistí nár mhaith leo aisteoireacht a dhéanamh.]

Taibhiú Déanta

Pléigh agus machnaigh ar an tionscadal i rith Am Ciorcail, mar shampla, na rudaí a rinne na páistí agus an dóigh a ndearna siad iad, na rudaí a chuir ag machnamh go domhain iad, an pháirt a bhí acu sa ghrúpobair agus smaointe le haghaidh tionscadal eile amach anseo. Déan tagairt siar don chlár pleanála agus do na critéir ratha don ghníomhaíocht.

Úsáid an fhoirm fhéinmheasúnaithe in Áis E, atá bunaithe ar chuidiú leis na páistí machnamh a dhéanamh ar a bpáirt mar dhuine aonair agus mar ghrúpa i rith an aonaid oibre. Is féidir an deis a thapú anseo lena ndearcadh anois a chur i gcomparáid lena bhfreagraí ar an chéad cheistneoir i nGníomhaiocht a hAon agus leis na Cuspóirí Foghlama a dréachtaíodh i nGníomhaiocht a Trí. Ba cheart do mheasúnuithe féin a bhunú ar an Form-To Progress Map for Working With Others [féach Aguisín 2 de Thinking Skills and Personal Capabilities for key Stages 1&2, lch. 35-36 (Foilseachán de chuid CCEA)].

* Féach *Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2.*

Áiseanna

Áis A
Ceistneoir: Ábhar Machnaimh...

Ciorclaigh an aghaidh a léiríonn do mhothúcháin.

Seo mar a mhothaím faoi:

Teacht ar scoil	☺	😐	☹
Suí le mo chairde	☺	😐	☹
Oibriú liom féin	☺	😐	☹
Oibriú le mo pháirtí	☺	😐	☹
Oibriú i ngrúpa	☺	😐	☹
Oibriú le gach duine ag an tábla	☺	😐	☹
Caint ar rudaí i ngrúpaí	☺	😐	☹
Cuidiú a iarradh ar dhaoine eile	☺	😐	☹
Cuidiú le daoine eile foghlaim	☺	😐	☹

Áis B
Stór Focal



Gaeilge	Fraincis	Gearmáinis	Spáinnis	Béarla
an leaba	le lit	das Bett	la cama	Bed
an vardrûs	l'armoire	der Schrank	el armario	Wardrobe
an deasc	le bureau	der Schreibtisch	el pupitre	Desk
an tábla maisiùcháin	la commode	die Friesierkommode	el tocador	Chest of drawers
an lampa	la lampe	die Lampe	la lámpara	Lamp
an tábla	la table	der Tisch	la mesa	Table
an chathaoir	la chaise	der Stuhl	la silla	Chair
an cuisneoir	le frigo	der Kühlschrank	la nevera	Fridge
an micreathonn	le micro onde	die Mikrowelle	el microondas	Microwave
an sorn	la gazinière	der Herd	la cocina	Cooker
mias niteoir	le lave-vaiselle	der Geschirrspüler	el lavaplatos	Dishwasher
measisín níochaín	la machine à laver	die Waschmachine	la lavadora	Washing machine
an teilfís	la télé	der Fernseher	el televisor	TV
an tolg	le canapé	das Sofa	el sofá	Sofa
an chathaoir uillich	le fauteuil	der Sessel	la butaca	Armchair

an teach	la maison	das Haus	la casa	House
an seomra folchta	la salle de bains	das Badezimmer	el cuarto de baño	Bathroom
an seomra suite	le salon	das Wohnzimmer	el salón	Living room
an seomra bia	la salle à manger	das Esszimmer	el comedor	Dining room
an chistin	la cuisine	die Küche	la cocina	Kitchen
an gairdín	le jardin	der Garten	el jardín	Garden
an seomra bia	la chambre	das Schlafzimmer	el dormitorio	Bedroom

Áis B
Stór Focal (ar lean)



Gaeilge	Fraincis	Gearmáinis	Spáinnis	Béarla
dearg	rouge	rot	rojo	Red
buí	jaune	gelb	amarillo	Yellow
gorm	bleu	blau	azúl	Blue
glas	vert	grün	verde	Green
dubh	noir	schwarz	negro	Black
geal	blanc	weiß	blanco	White
an madadh	un chien	ein Hund	un perro	a dog
an nathair	un serpent	eine Schlange	una serpiente	a snake
an coinín	un lapin	ein Kaninchen	un conejo	a rabbit
an t-iasc	un poisson	ein Fisch	un pez	a fish
an hamstar	un hamster	ein Hamster	un hamster	a hamster
an cat	un chat	eine Katze	un gato	a cat
an toirtís	une tortue	eine Schildkröte	una tortuga	a tortoise
an capall	un cheval	ein Pferd	un caballo	a horse
an t-éan	un oiseau	ein Vogel	un pájaro	a bird

Áis C
Do Thinteán Féin: Roinnt Nathanna Fraincise, Gearmáinise, Béarla agus Spáinnise

Roghnaigh nath nó nathanna sa sprioctheanga roghnaithe lena chur ar chumas na bpáistí an teach ranga a mhaisiú.

Fraincis	
Bienvenue!	Fáilte!
On est bien chez le roi, mais on est mieux chez soi.	Tá sé iontach tigh an rí, ach mothaíonn tú níos compordaí sa bhaile. [Níl aon tinteán mar do thinteán féin.]
Ma maison est mon château.	Rí gach duine ar a chuid féin.
Faites comme chez vous.	Déan do chuid féin den teach.

Gearmáinis	
Willkommen!	Fáilte!
Trautes Heim Glück allein.	Is ionann teach teolaí agus sonas. [Is fearr a bheith sa bhaile/Níl aon tinteán mar do thinteán féin.]
Heim und Herd sind Goldes Wert!	Chomh luachmhar le hór atá tinteán agus baile.

Béarla	
Welcome!	Fáilte!
There's no place like home.	Níl aon tinteán mar do thinteán féin.
Feel at home here.	Bí ar do shuaimhneas anseo.
Make yourself at home.	Déan do chuid féin den teach.

Spáinnis	
¡Bienvenidos!	Fáilte!
Hogar dulce hogar	Is milis an baile
Mi casa es su casa.	Déan do chuid féin den teach
Como en casa no se está en ningún sitio.	Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

Áis D
Bailte Ainmhithe

Gearr amach na cártaí agus meaitseáil na hainmhithe lena mbaile. Pléigh le céile cad é a thugtar ar na hainmhithe agus ar na bailte.

















Áis E
Measúnuithe Aonair agus Grúpa

Measúnú Aonair
Is é an rud is mó a thaitin liom faoin ghrúpa...
Is é an rud is lú a thaitin liom faoin ghrúpa ...
An chéad uair eile, sílim gur cheart dúinn ...
An chéad uair eile, sílim gur cheart dom ...

Measúnú Grúpa		
	Aontaím	**Ní Aontaím**
Bhí deis chainte ag gach duine.		
Bhí muid in ann an Clár Buailte a úsáid.		
Bhí gach duine sásta leis an ról a bhí aige.		
Rinne duine amháin iarracht bheith ina cheannaire.		
Bhí a fhios againn cad é a bhí le déanamh do gach gníomhaíocht.		
Chuir muid ceisteanna mura raibh muid cinnte.		
D'éist muid lena chéile.		
Rinne muid sealaíocht ar róil dhifriúla.		
Dhéanfaimis rudaí ar dhóigh eile an chéad uair eile.		

Áiseanna Breise Molta

Leabhair

Foghlaim Gníomhach agus Modhanna Gníomhach Teagaisc d'Eochairchéimeanna 1&2
Foilsitheoir: CCEA Publicationn

Living.Learning.Together Year 3
Foilsitheoir: CCEA Publication

Ní Leat Féin
le Liz Weir
Foilsitheoir: CCEA Publication

An Litir
le Janie Cribbs
Foilsitheoir: An Gúm 1984

An Teach S'againne
Le Edwina Riddell
Foilsitheoir: An Gúm 1998
ISBN: 1-85791-270-5

Mo Bhaile Beag Féin
Le Jonathon Emmet agus Vanessa Cabban
Foilsitheoir:An Gúm 2004
ISBN: 1-85791-529-1

Some Well Known Tales
le Dee Reid
Foilsitheoir: Philip & Tracey Ltd (1992)
ISBN: 0 85370215 2

Mrs Plug the Plumber
le Allan Ahlberg
ISBN: 978-0140312386
[Scéal greannmhar faoi phluiméir mná
a bhfuil síorthóir uirthi]

Winning Back Dad
le Ian Bone
Foilsitheoir: Walker Books Ltd
ISBN: 978-0744572919
(An dóigh ar éirigh le sársmaoineamh páiste amháin cuidiú lena dhaid a chaill a phost)

The Jolly Postman
le Allan Ahlberg
Foilsitheoir: Puffin Publications
ISBN: 978-0141382609

Na Trí Mhuicín
le Treasa Ní Ailpín
Foilsitheoir: An Gúm 1999
ISBN: 978-1-85791-306-4

Na Trí Mhuc Bheaga
Foilsitheoir: An tÁisaonad Lán-Ghaeilge 2006
ISBN: 073274544-6

Partners in Rights
Foilsitheoir: Save the Children
ISBN: 1 84187027 7

Primary Values
Foilsitheoir: CCEA Publication

Airteagal 27 den Choinbhinsiún um Chearta an Linbh

Áiseanna Breise Molta

Clos/Amharc

4Learning Videos: Eureka!
'Houses and Homes' cód ordaithe: 217975
(féach suíomh gréasáin)

Just Like Series
Granada Learning Ltd.
ISBN: 1 84235329 2

BBC I Do This Series
(Houses and Homes, 10 gclár ó T.É.)
Ar fáil AV Recordings, SELB
Faisnéis agus gníomhaíochtaí iarchláir ar fáil ó www.bbc.co.uk/northernireland/schools/4_11/idothis/pr01.shtml#

Dora the Explorer: World Adventures
Tg4-307
www.tg4.ie

Suímh Ghréasáin

CCEA Primary Languages Microsite
www.nicurriculum.org.uk

Online instant text translation
http://babelfish.yahoo.com/

British Council e-twinning project
www.britishcouncil.org/etwinning

Refugee Council
www.refugeecouncil.org.uk

Coleraine artist Tom McGoldrick's online gallery
www.lanesidegallery.com/category.asp?CatID=139

The Lift Off Initiative
www.liftoffschools.com

Housemate for Primary Schools, Shelter
www.housemate.org.uk/en/education/Default.aspx?pg=2

Áiseanna Breise Molta

Teagmhálacha

Simon Community
Central Office
57 Fitzroy Avenue
BELFAST

Tel: (028) 9023 2882

Save the Children Headquarters
15 Richmond Park
BELFAST

Tel: (028) 9062 0000

Factfinders

Oxford Press
Pack B: Families 9780199166428
Pack C: Houses and Homes 9780199166503

Umansky, Kaye, The Three Singing Pigs
A & C Black Publishers Ltd
ISBN: 0 71363804 4

Gluais

A

Adhaimsir	Extreme weather

B

Bád cónaithe	Houseboat
Brocach	Set

C

Clár Buailte	Stuck Board
Coirceog	Hive
Comhad Bosca	Box book
Comhdhéanamh	Make-up
Comhréiteach	Compromise
Cothromaithe	Balanced

D

Dídeanaí	Refugee
Dolúbtha	Rigid
Drámú	Dramatisation

F

Féinmheastóireacht	Self-evaluation
Fillteán teanga	Language portfolio
Físchomhdháil	Video conference
Frapa	Prop

G

Gearrthóg Fuaime	Audio
Gualach	Charcoal

I

Idirbheartaíocht	Negotaition
Idirghabhálaí	Mediator
Ilchineálacht	Diversity
Ionsúiteach	Absorbent

M

Malairtí	Exchanges
Mangarae	Junk materials
Measúnú	Evaluation
Micreashuíomh	Microsite
Monaiphriontáil	Mono printing

O

Orláiste uibhe	Egg timer

P

Pastail	Pastels

R

Réamhghníomhaíocht	Ice-breaker
Rím ghnímh	Action rhyme
Rochtain	Access

S

Smaoineamh gníomhaíochta	Action idea
Sodar	Trot
Solúbtha	Flexible

T

Taibhigh	To perform
Taibhiú	Performance
Teimhneach	Opaque
Trédhearcach	Transparent

Ní ghlacann CCEA le freagracht ná le dliteanas ar bith as aon ábhar atá á sholáthar nó atá ar fáil ar aon cheann de na suímh ghréasáin nasctha agus ní fhormhuiníonn sé de riachtanas na tuairimí a luaitear orthu. Ní féidir linn a ráthú go n-oibreoidh na naisc seo an t-am ar fad agus níl smacht ar bith againn ar rochtain na leathanach nasctha.

Foilseachán de chuid CCEA

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 🖷 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning